Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 22 Nollaig 2025
(OR. en)

17104/25

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0429 (COD)**

**JAI 1944**
**ENFOPOL 482**
**CRIMORG 261**
**IXIM 348**
**DATAPROTECT 347**
**CYBER 392**
**COPEN 429**
**FREMP 394**
**TELECOM 488**
**COMPET 1388**
**MI 1095**
**CONSOM 315**
**DIGIT 283**
**CODEC 2209**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 19 Nollaig 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 797 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1232 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur lena thréimhse cur i bhfeidhm |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 797 final.

Faoi iamh: COM(2025) 797 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 19.12.2025
COM(2025) 797 final

2025/0429 (COD)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1232 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur lena thréimhse cur i bhfeidhm**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Le Rialachán (AE) 2021/1232 (an 'Rialachán Eatramhach')[1], leagtar síos rialacha sealadacha atá teoranta go docht lena maolaítear ar oibleagáidí áirithe a leagtar síos i dTreoir 2002/58/CE ('an Treoir maidir le r-phríobháideachas'), nach bhfuil de chuspóir acu ach soláthraithe seirbhísí áirithe cumarsáide idirphearsanta neamhspleách ar uimhir a chumasú chun teicneolaíochtaí sonracha a úsáid ar mhaithe le sonraí pearsanta agus sonraí eile a phróiseáil a mhéid is fíorghá chun mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a bhrath ar a seirbhísí agus í a thuairisciú agus ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí ar líne a bhaint dá seirbhísí.

Mar a mhínítear in Aithris 10 de, tá sé beartaithe leis an Rialachán Eatramhach réiteach shealadach a chur ar fáil go dtí go nglacfar creat dlíthiúil fadtéarmach chun dul i ngleic le mí-úsáid ghnéasach leanaí ar leibhéal an Aontais.

An togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha chun mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc agus a chomhrac[2] arna ghlacadh ag an gCoimisiún an 11 Bealtaine 2022, is é is aidhm don togra sin an creat dlíthiúil fadtéarmach sin a sholáthar.

Le Rialachán (AE) 2024/1307, cuireadh síneadh le tréimhse cur i bhfeidhm an Rialacháin Eatramhaigh, a bhí le dul in éag ar dtús an 3 Lúnasa 2024, go dtí an 3 Aibreán 2026[3]. Níl an chaibidlíocht idirinstitiúideach maidir leis an Rialachán fadtéarmach atá beartaithe tugtha i gcrích agus, d'ainneoin an tsínidh le tréimhse cur i bhfeidhm an chórais shealadaigh, níltear cinnte go dtabharfar an chaibidlíocht i gcrích in am don Rialachán fadtéarmach teacht i bhfeidhm agus feidhm a bheith aige sula n-imíonn an Rialachán Eatramhach in éag. Dá bhrí sin, is gá síneadh ama teoranta breise leis an Rialachán Eatramhach a thabhairt isteach leis an togra seo, ionas go bhféadfar leanúint de na gníomhaíochtaí deonacha thuasluaite le linn tréimhse leordhóthanach ama chun go bhféadfar an chaibidlíocht idirinstitiúideach ar an Rialachán fadtéarmach a thabhairt i gcrích. Áiritheofar leis sin gur féidir mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chomhrac go héifeachtach agus go dleathach gan bhriseadh go dtí go gcomhaontófar an córas fadtéarmach a chruthófar leis an Rialachán atá beartaithe.

Má thagann an chaibidlíocht idirinstitiúideach i gcrích sa tslí go dtagtar ar chomhaontú maidir leis an gcreat dlíthiúil fadtéarmach, agus má théann na rialacha idirthréimhseacha lena gcuirtear síneadh leis an Rialachán Eatramhach sa chreat dlíthiúil fadtéarmach i bhfeidhm an 3 Aibreán 2026 nó roimhe sin, ní bheidh gá leis an síneadh sealadach a thuilleadh.

---

1 Rialachán 2021/1232/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Iúil 2021 maidir le maolú sealadach ar fhorálacha áirithe de Threoir 2002/58/CE a mhéid a bhaineann le húsáid teicneolaíochtaí ag soláthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta neamhspleách ar uimhir chun sonraí pearsanta agus sonraí eile a phróiseáil chun mí- úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chomhrac (Téacs atá ábhartha maidir le LEE).

2 Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha chun mí- úsáid ghnéasach leanaí a chosc agus a chomhrac, COM/2022/209 final.

3 Rialachán (AE) 2024/1307 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1232 maidir le maolú sealadach ar fhorálacha áirithe de Threoir 2002/58/CE a mhéid a bhaineann le húsáid teicneolaíochtaí ag soláthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta neamhspleách ar uimhir chun sonraí pearsanta agus sonraí eile a phróiseáil chun mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chomhrac (Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Leis an togra seo, cuirtear leis na gealltanais a tugadh i Straitéis an Aontais maidir le Mí- úsáid Ghnéasach Leanaí a Chomhrac ar Bhealach Níos Éifeachtaí, go háirithe ó thaobh reachtaíocht a mholadh chun dul i ngleic le mí- úsáid ghnéasach leanaí ar líne go héifeachtach. Tá creat dlíthiúil an Aontais atá i bhfeidhm faoi láthair sa réimse seo comhdhéanta de reachtaíocht an Aontais a bhaineann le mí- úsáid ghnéasach leanaí, amhail an Treoir maidir le Mí- úsáid Ghnéasach Leanaí, agus an Rialachán Eatramhach, a mbeidh feidhm aige go dtí an 3 Aibreán 2026.

Comhlánaíonn an reachtaíocht atá beartaithe an Straitéis Eorpach i ndáil le hIdirlíon Níos Fearr do Leanaí[4], arb é is aidhm di eispéiris dhigiteacha shábháilte a chruthú do leanaí agus cumhachtú digiteach a chur chun cinn, chomh maith le Straitéis an Aontais maidir le cearta an linbh[5] agus an Moladh gaolmhar ón gCoimisiún maidir le córais chomhtháite um chosaint leanaí[6], arb é is aidhm dóibh tacú leis na Ballstáit a gcórais cosanta leanaí a neartú i gcoinne aon chineál foréigin in aghaidh leanaí, mí-úsáid ghnéasach san áireamh, ar mhaithe le leas an linbh.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Leis an togra, cuirtear síneadh le tréimhse cur i bhfeidhm an Rialacháin Eatramhaigh, ar feadh tréimhse theoranta ama, gan an Rialachán sin a leasú ar aon bhealach eile.

Dá bhrí sin, mar is amhlaidh an cás leis an Rialacháin Eatramhach mar atá sé faoi láthair roimh an leasú atá beartaithe anois, cuireann an cur chuige a chuimsítear ann leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí[7] (RGCS). Mar a mhínítear in Aithrisí 12 agus 15 chomh maith le hAirteagal 1(1) den Rialachán Eatramhach, tá feidhm ag RGCS agus ní dhéantar difear dó leis an Rialachán Eatramhach. Dá bhrí sin, ní mór leanúint de na rialacha a leagtar amach in RGCS a urramú, lena n-áirítear na rialacha maidir le dlíthiúlacht na próiseála (Airteagal 6). Sa chleachtas, forais maidir le próiseáil dá bhforáiltear in RGCS, bíonn sé de nós ag soláthraithe cinn éagsúla de na forais sin a agairt chun an phróiseáil sonraí pearsanta a dhéanamh a bhíonn i gceist le brath agus tuairisciú deonach mí- úsáide gnéasaí leanaí ar líne.

Leis an togra, mar is amhlaidh an cás leis an Rialachán Eatramhach, cumhdaítear soláthraithe a thairgeann seirbhísí cumarsáide idirphearsanta neamhspleách ar uimhir agus, dá réir sin, atá faoi réir forálacha náisiúnta lena ndéantar an Treoir maidir le r-phríobháideachas[8] agus an t-athbhreithniú a bheartaítear a dhéanamh uirthi atá faoi chaibidlíocht faoi láthair[9] a chur chun feidhme, agus tá an togra seo comhleanúnach leis an Treoir agus leis an athbhreithniú sin araon.

---

4 COM(2022) 212, an 11 Bealtaine 2022.

5 COM(2021) 142 final, 24 Márta 2021.

6 Moladh (AE) 2024/1238 ón gCoimisiún 23 Aibreán 2024 maidir le córais chomhtháite cosanta leanaí a fhorbairt agus a neartú ar mhaithe le leas an linbh.

7 Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n- aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí).

8 Treoir 2000/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2000 maidir le gnéithe dlíthiúla áirithe de sheirbhísí na sochaí faisnéise, go háirithe tráchtáil leictreonach, sa Mhargadh Inmheánach.

9 Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2002 maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le cosaint príobháideachais san earnáil cumarsáide leictreonaí (an Treoir maidir le príobháideachas agus cumarsáid leictreonach).

Tá an togra seo comhleanúnach leis an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha[10]. Leis an Rialachán Eatramhach, comhlánaítear creat cothrománach an Ghnímh um Sheirbhísí Digiteacha, agus leagtar amach leis rialacha sonracha nuair is gá sin don chás ar leith a bhaineann le mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chomhrac.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **An bunús dlí**

Is iad Airteagal 16 agus Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ('CFAE') na bunúis dlí ábhartha. Is iad na forálacha sin bunúis dlí an Rialacháin Eatramhaigh freisin.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

I gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta, ní fhéadfar gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais Eorpaigh a dhéanamh ach i gcás nach féidir leis na Ballstáit na haidhmeanna atá beartaithe a ghnóthú astu féin. Tá gá le hidirghabháil an Aontais Eorpaigh chun cumas na soláthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta neamhspleách ar uimhir a choinneáil ar bun maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a bhrath agus a thuairisciú go deonach, agus ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a bhaint, mar aon le creat dlíthiúil atá aonfhoirmeach comhleanúnach a áirithiú do na gníomhaíochtaí atá i gceist ar fud an mhargaidh inmheánaigh, dá bhforáiltear sa Rialachán Eatramhach. Is trí reachtaíocht an Aontais, agus tríthi sin amháin, is féidir síneadh ama teoranta ar an Rialacháin Eatramhach a ghlacadh.

- **Comhréireacht**

Tá an togra i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach toisc nach rachaidh sé thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí a leagtar síos a bhaint amach. Tugtar isteach leis síneadh ama teoranta leis an maolú sealadach spriocdhírithe maidir le gnéithe áirithe a bhaineann le hathruithe sa chreat atá ann faoi láthair chun a áirithiú go leanfaidh bearta áirithe de bheith incheadaithe a mhéid a chloíonn siad faoi láthair le dlí an Aontais.

Tá fad an tsínidh teoranta do thréimhse ama a bhfuil fíorghá léi chun an reachtaíocht fhadtéarmach a ghlacadh, a mhéid is féidir a mheas go réasúnta faoi láthair, ag féachaint go háirithe do staid reatha na caibidlíochta.

- **An rogha ionstraime**

Is trí Rialachán is fearr is féidir cuspóirí an togra seo a shaothrú, ós rud é gur Rialachán é an gníomh a leasaítear, is é sin an Rialachán Eatramhach.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Ní bhaineann le hábhar

[10] Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE (an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha).

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Ní bhaineann le hábhar

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Ní bhaineann le hábhar

- **Measúnú tionchair**

I bhfianaise an chuspóra beartais agus ós rud é go bhfuil an tsaincheist íogair ó thaobh ama de, níl aon rogha bheartais ar fáil atá éagsúil ó thaobh ábhair de, agus ar an gcaoi sin ní gá measúnú tionchair a dhéanamh. Beartaítear leis an mbeart, go háirithe, síneadh ama teoranta a thabhairt isteach maidir leis an maolú eatramhach a bhfuil teorainn dhocht aige ar infheidhmeacht Airteagal 5 (1) agus Airteagal 6 den Treoir maidir le r-Phríobháideachas chun a áirithiú gur féidir le soláthraithe seirbhíse cumarsáide idirphearsanta neamhspleách ar uimhir leanúint d'úsáid a bhaint go deonach as teicneolaíochtaí sonracha chun mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a bhrath agus a thuairisciú agus ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a bhaint óna gcuid seirbhísí tar éis an 3 Aibreán 2026, go dtí go nglacfar an reachtaíocht fhadtéarmach.

- **Cearta bunúsacha**

Cuirtear na cearta bunúsacha agus na prionsabail arna sainaithint le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt') san áireamh go hiomlán sa togra.

Cloíonn na bearta atá beartaithe le hAirteagal 7 den Chairt, airteagal lena gcosnaítear an ceart bunúsach atá ag gach duine go ndéanfar a shaol nó a saol príobháideach agus a shaol nó a saol teaghlaigh, a chónaí nó a cónaí agus a chumarsáidí nó a cumarsáidí a urramú, agus áirítear air sin rúndacht na cumarsáide. Thairis sin, sa mhéid go dtagann an phróiseáil cumarsáide leictreonaí a dhéantar trí sheirbhísí cumarsáide idirphearsanta neamhspleách ar uimhir d'aon toisc chun mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a bhrath agus a thuairisciú agus ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a bhaint faoi raon feidhme an mhaolaithe a cruthaíodh leis an togra seo, leanfaidh RGCS, a chuireann Airteagal 8(1) den Chairt chun feidhme i reachtaíocht thánaisteach, d'fheidhm a bheith aige maidir leis an bpróiseáil sin.

Ina theannta sin, cloíonn an togra le hAirteagal 24(2) den Chairt, ina bhforáiltear, i ngach gníomhaíocht a bhaineann le leanaí arna ndéanamh ag údaráis phoiblí nó institiúidí príobháideacha, go mbeidh leas an linbh ina phríomhthosaíocht. Cloíonn sé freisin le hAirteagail 1, 3 agus 4 den Chairt, maidir le cearta chun dínit an duine, an ceart chun sláine an duine agus toirmeasc ar íde atá mídhaonna nó táireach, faoi seach, ós rud é gur féidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí cur isteach (ar bhealach tromchúiseach) ar chearta bunúsacha sin na leanaí lena mbaineann.

Ar deireadh, trína chur ar chumas soláthraithe, faoi réir coinníollacha iomchuí áirithe, bearta deonacha a dhéanamh chun dul i ngleic le mí-úsáid a seirbhísí a d'fhéadfadh a bheith ann, cuirtear san áireamh sa togra freisin an tsaoirse atá ag na soláthraithe sin gnó a sheoladh, a ráthaítear faoi Airteagal 16 den Chairt.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl aon impleachtaí ag an togra seo maidir le buiséad an Aontais Eorpaigh.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Ní bhaineann le hábhar

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Leagtar amach in Airteagal 1 an leasú ar an Rialachán Eatramhach a thugtar isteach leis an Rialachán seo, arb é atá ann síneadh teoranta le tréimhse cur i bhfeidhm an Rialacháin Eatramhaigh. Is é sin an t-aon leasú amháin a rinneadh ar an Rialachán Eatramhach.

Leagtar amach in Airteagal 2 an dáta a thiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm.

2025/0429 (COD)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

## lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1232 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur lena thréimhse cur i bhfeidhm

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 16(2), i gcomhar le hAirteagal 114(1), de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[11],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2021/1232 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[12] déantar foráil maidir le córas sealadach a mhéid a bhaineann le húsáid teicneolaíochtaí ag soláthraithe áirithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta atá ar fáil go poiblí chun mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chomhrac, go dtí go nglacfar creat dlíthiúil fadtéarmach lena dtugtar aghaidh ar mhí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chosc agus a chomhrac (‘an creat dlíthiúil fadtéarmach). Tá feidhm ag an Rialachán sin, arna leasú le Rialachán (AE) Uimh. 2024/1307, go dtí an 3 Aibreán 2026.

(2) An togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha chun mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc agus a chomhrac[13] arna ghlacadh ag an gCoimisiún an 11 Bealtaine 2022, is é is aidhm don togra sin an creat dlíthiúil fadtéarmach a sholáthar. Mar sin féin, níl a dhóthain dul chun cinn déanta go fóill sa chaibidlíocht idirinstitiúideach maidir leis an togra sin le bheith cinnte go dtabharfar i gcrích í in am chun an creat dlíthiúil fadtéarmach, lena n-áirítear aon leasuithe ar Rialachán (AE) 2021/1232 a d’fhéadfadh a bheith ann, a ghlacadh agus chun feidhm a bheith aige roimh an 4 Aibreán 2026.

(3) Tá sé tábhachtach go bhféadfar mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chomhrac go héifeachtach, i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme i ndlí an Aontais, lena n-áirítear na coinníollacha a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/1232, agus sin a

[11] [IO C , , lch.. .]

[12] Rialachán (AE) 2021/1232 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Iúil 2021 maidir le maolú sealadach ar fhorálacha áirithe de Threoir 2002/58/CE a mhéid a bhaineann le húsáid teicneolaíochtaí ag soláthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta neamhspleách ar uimhir chun sonraí pearsanta agus sonraí eile a phróiseáil chun mí- úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chomhrac (IO L 274, 30.7.2021, lch. 41, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1232/oj).

[13] Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha chun mí- úsáid ghnéasach leanaí a chosc agus a chomhrac, COM/2022/209 final.

dhéanamh gan bhriseadh sa tréimhse sula ndéantar an creat dlíthiúil fadtéarmach a ghlacadh agus a chur i bhfeidhm.

(4) I bhfianaise na n-imthosca sin, ba cheart Rialachán (AE) 2021/1232 a leasú chun síneadh a chur lena thréimhse cur i bhfeidhm ar feadh tréimhse ama atá teoranta go dtí an méid a bhfuil fíorghá léi chun an creat dlíthiúil fadtéarmach a ghlacadh agus chun feidhm a bheith aige.

(5) I bhfianaise an ghá atá ann deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú ar bhealach tráthúil, agus i bhfianaise chineál teoranta an leasaithe dá bhforáiltear sa Rialachán seo, mar atá síneadh a chur lena thréimhse cur i bhfeidhm, is iomchuí a fhoráil gur cheart don Rialachán seo teacht i bhfeidhm a luaithe is féidir.

(6) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[14] agus thug sé a thuairim uaidh an […].

(7) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2021/1232 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

In Airteagal 10 de Rialachán (AE) 2021/1232, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

'Beidh feidhm aige go dtí an 3 Aibreán 2028'.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

[14] Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE /EC IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).